Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**9110/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0133 (NLE)**

**EPPO 15**
**COPEN 170**
**FIN 399**
**GAF 18**
**CSC 175**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Meitheamh 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 279 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle maidir le rialacha feidhmiúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 279 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 279 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2020
COM(2020) 279 final

2020/0133 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle maidir le rialacha feidhmiúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) an 12 Deireadh Fómhair 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 20 Samhain 2017.

I gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, is é an Coimisiún atá freagrach as bunú OIPE agus oibriú tosaigh OIPE ó thaobh an riaracháin de go dtí go mbeidh an acmhainneacht ag OIPE a bhuiséad féin a chur chun feidhme.

Is réamhriachtanas chun OIPE a chur ar bun é roghnú agus ceapachán a chomhaltaí agus a fhoirne, go háirithe na hIonchúisitheoirí Eorpacha, agus mar aon leis an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, is iad Coláiste OIPE iad araon. Ní mór do Choláiste OIPE roinnt príomhchinntí de chineál ginearálta a dhéanamh nach mbeadh sé in ann tús a chur lena ghníomhaíochtaí dá n-uireasa. Áirítear leis sin, e.g. rialacha nós imeachta inmheánacha OIPE chomh maith le dálaí oibre na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a ghlacadh, agus Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus Stiúrthóir Riaracháin a cheapadh.

Le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ceanglaítear ar gach Ballstát rannpháirteach triúr iarrthóirí a ainmniú (a) atá ina mball gníomhach d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó breithiúna an Bhallstáit ábhartha, (b) nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras; agus (c) a bhfuil na cáilíochtaí is gá aige le haghaidh ceapachán chun ardoifig ionchúisithe nó breithiúna a mBallstát féin, agus a bhfuil taithí praiticiúil ábhartha acu ar chórais náisiúnta dlí, ar imscrúduithe airgeadais agus ar chomhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla.

Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle go ndéanfaidh an Chomhairle, tar éis di an tuairim réasúnaithe a fháil ón bpainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, duine de na hiarrthóirí a roghnú agus a cheapadh chun bheith ina Ionchúisitheoir Eorpach den Bhallstát i dtrácht. Má chinneann an painéal roghnúcháin nach gcomhlíonann iarrthóir na coinníollacha is gá chun cúraimí Ionchúisitheora Eorpaigh a chomhlíonadh, beidh a thuairim ina ceangal ar an gComhairle.

An 13 Iúil 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle.

I riail VII Uimh. 2 de na rialacha oibriúcháin sin sonraítear go dtabharfaidh an painéal roghnúcháin éisteacht d'iarrthóirí a ainmneoidh na Ballstáit le haghaidh phost an Ionchúisitheora Eorpaigh agus foirmeoidh sé tuairim ar cháilíochtaí an iarrthóra chun cúraimí na nIonchúisitheoirí Eorpacha a chomhlíonadh. Luafaidh an painéal go sainráite cé acu a chomhlíonann iarrthóir a ainmneoidh na Ballstát na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle nó nach gcomhlíonann, agus, mura gcomhlíonann, trína rúnaíocht, iarrfaidh sé go n-ainmneoidh an Ballstát lena mbaineann líon comhfhreagrach iarrthóirí nua. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an painéal na hiarrthóirí in ord tosaíochta de réir a gcuid cáilíochtaí agus taithí. Cuirfear in iúl leis an rangú ord tosaíochta an phainéil roghnúcháin agus ní bheidh sé ina cheangal ar an gComhairle.

Mar thoradh ar an riail sin, i gcás nach gcuirfidh Ballstát triúr iarrthóirí incháilithe ar fáil laistigh d'am réasúnta, ní fhéadfaidh an painéal roghnúcháin an tuairim réasúnaithe ar na hiarrthóirí a chur ar fáil don Chomhairle agus ní féidir an nós imeachta roghnúcháin a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé sin cosc a chur ar an gComhairle Ionchúisitheoir Eorpach ón mBallstát sin a chur ar fáil go tráthúil agus, dá réir sin, chuirfí moill ar bhunú agus ar theacht i ngníomh OIPE.

Léiríodh leis an taithí ón bpróiseas roghnúcháin le haghaidh na gcéad Ionchúisitheoirí Eorpacha go bhféadfadh sé go mbeadh deacrachtaí suntasacha ag Ballstát iarrthóirí incháilithe a shainaithint agus a ainmniú, agus i gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh sé nárbh fhéidir go hoibiachtúil an líon iarrthóirí incháilithe is gá a ainmniú laistigh d'am réasúnta.

Tá sé d'aidhm ag an togra seo an painéal roghnúcháin a chumasú a thuairim a chur ar fáil don Chomhairle maidir le beirt iarrthóirí incháilithe, agus beirt iarrthóirí amháin, i gcásanna eisceachtúla agus le húdar cuí i.e. i gcás ina gcinnfear go leordhóthanach nach féidir le Ballstát go hoibiachtúil an tríú hiarrthóir incháilithe a aimsiú laistigh d'am réasúnta, d'ainneoin go ndearnadh gach iarracht is gá leis an tríú hiarrthóir a aimsiú, i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla a bhaineann leis an mBallstát sin. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh an painéal roghnúcháin a thuairim réasúnaithe a sheoladh chuig an gComhairle maidir le beirt iarrthóirí incháilithe, agus bheadh lánchead ag an gComhairle leanúint ar aghaidh ar bhonn na tuairime sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Déantar foráil maidir le bunú OIPE in Airteagal 86 CFAE. Beidh OIPE ar an gcéad chomhlacht de chuid an Aontais ag a bhfuil cumhachtaí imscrúdaithe agus cumhachtaí ionchúisimh choiriúil maidir le coireanna a bhfuil tionchar acu ar an Aontas agus beidh sé ina ghníomhaí iomlán nua i dtimpeallacht bhreithiúnach Eorpach. Meastar go mbeidh beartas níos cuimsithí agus éifeachtaí ann mar gheall ar OIPE i dtaca le coireanna a bhfuil tionchar acu ar bhuiséad an Aontais, rud a bheidh ina chúis le líon níos mó ionchúiseamh, ciontuithe agus leibhéal níos airde athchomhairlithe agus aisghabháil chistí an Aontais a cailleadh go calaoiseach.

Tríd an togra seo a chur isteach chun Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle a leasú, tá an Coimisiún ag comhlíonadh a oibleagáide faoi Airteagal 20, Airteagal 14(3) agus Airteagal 16(2) de Rialachán 2017/1939 ón gComhairle. Leis an togra seo, féadfar an roghnúchán agus nósanna imeachta ceapacháin Ionchúisitheoirí Eorpacha OIPE is gá a chur i gcrích agus féadfar na gníomhaíochtaí tosú go tráthúil. Dá bhrí sin, tá an togra seo comhsheasmhach go hiomlán leis na forálacha beartais atá ann faoi láthair sa réimse beartais faoi seach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo i gcomhréir le beartais eile de chuid an Aontais agus forbairtí reachtaíochta a bhfuil sé d'aidhm acu cosaint leasanna airgeadais an Aontais a neartú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 291 CFAE i gcomhar le hAirteagal 14(3) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir ach le hinstitiúidí an Aontais rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle a ghlacadh agus a leasú, de bhun cumhacht cur chun feidhme agus dá bhrí sin, is inniúlacht eisiach í, nach bhfuil de réir phrionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo teoranta don mhéid is gá d'fhonn na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach, agus tá sé i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhrí sin. Tá an togra seo nasctha go díreach le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle agus tá sé fíor-riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear gníomhaíochtaí OIPE ar bun agus go dtosófar go pras iad.

- **An rogha ionstraime**

Tá an ionstraim dlí beartaithe le hAirteagal 14(3) i gcomhar le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

I bhfianaise chineál spriocdhírithe agus teoranta an togra, agus ós rud é go bhfuil sé i gcomhréir leis an oibleagáid atá ar gCoimisiún in Airteagal 14(3) i gcomhar le Airteagal 16(2) de Rialachán 2017/1939 ón gComhairle, ní dhearnadh meastóireachtaí *ex-post*, comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ná measúnú tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I bhfianaise an ghá atá leis an mbeartas seo, níl gá le cur chun feidhme.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní éilítear leis an togra seo aon doiciméad míniúcháin maidir le trasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra seo d'fhéadfadh an painéal roghnúcháin a thuairim réasúnaithe a chur ar fáil don Chomhairle maidir le beirt iarrthóirí incháilithe, agus beirt iarrthóirí amháin, i gcásanna eisceachtúla agus le húdar cuí i.e. i gcás ina gcinntear go leordhóthanach nach féidir le Ballstát go hoibiachtúil an tríú hiarrthóir incháilithe a aimsiú laistigh d’am réasúnta, d'ainneoin go ndearnadh gach iarracht is gá leis an tríú hiarrthóir a aimsiú, i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla a bhaineann leis an mBallstát sin. Sna cásanna sin, d’fhéadfadh an painéal roghnúcháin a thuairim réasúnaithe a sheoladh chuig an gComhairle maidir le beirt iarrthóirí incháilithe, agus bheadh lánchead ag an gComhairle leanúint ar aghaidh ar bhonn na tuairime sin.

2020/0133 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle maidir le rialacha feidhmiúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE")[1], agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ar bun chun déantóirí agus cionpháirtithe cionta coiriúla a bhfuil tionchar acu ar leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú, a ionchúiseamh agus breithiúnas a thabhairt orthu.

(2) Déantar foráil i Rialachán (AE) 2017/1939 go gceapfaidh an Chomhairle gach Ionchúisitheoir Eorpach ó thriúr iarrthóirí incháilithe a ainmneoidh gach Ballstát tar éis don Chomhairle tuairim réasúnaithe a fháil ón bpainéal roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) den Rialachán sin.

(3) Is réamhriachtanas chun OIPE a chur ar bun é roghnú agus ceapachán na nIonchúisitheoirí Eorpacha, agus mar aon leis an bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach, is iad Coláiste OIPE iad araon.

(4) An 13 Iúil 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[2].

(5) I riail VII Uimh. 2 de na rialacha oibriúcháin sin sonraítear go bhfoirmeoidh an painéal roghnúcháin tuairim maidir le cáilíochtaí an iarrthóra chun cúraimí na nIonchúisitheoirí Eorpacha a chomhlíonadh bunaithe ar a thorthaí le linn an athbhreithnithe agus na héisteachta agus go luafar go sonrach cé acu a chomhlíonann iarrthóir na coinníollacha in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 nó nach gcomhlíonann. Ní mór don phainéal roghnúcháin cúiseanna lena thuairim a chur ar fáil. I gcás nach gcomhlíonfaidh na hiarrthóirí a ainmníodh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, déantar foráil leis an riail chéanna nach mór don phainéal, trína rúnaíocht, a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann líon comhfhreagrach iarrthóirí nua a ainmniú.

---

1 IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

2 IO L 282, 12.11.2018, lch. 8–12

(6) Mar eisceacht ón riail sin, ba cheart an deis a bheith ag an bpainéal roghnúcháin a thuairim réasúnaithe a chur ar fáil don Chomhairle maidir le beirt iarrthóirí incháilithe, agus beirt iarrthóirí amháin, i gcás ina gcinnfear go leordhóthanach nach féidir le Ballstát go hoibiachtúil an tríú hiarrthóir incháilithe a aimsiú laistigh d'am réasúnta, d'ainneoin go ndearnadh gach iarracht is gá leis an tríú hiarrthóir a aimsiú, mar gheall ar imthosca eisceachtúla a bhaineann leis an mBallstát sin. Sa chás sin, ba cheart an painéal roghnúcháin a bheith in ann a thuairim a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le beirt ainmnitheach incháilithe, agus féadfaidh an Chomhairle leanúint ar aghaidh chun iad a cheapadh ar bhonn liosta nach bhfuil ach beirt iarrthóirí incháilithe air.

(7) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle a leasú dá réir.

(8) Chun tús tráthúil le gníomhaíochtaí OIPE a áirithiú, ba cheart don Rialachán cur chun feidhme seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I riail VII Uimh. 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1696 ón gComhairle maidir le rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh an dara mír:

"Mar eisceacht, i gcás ina gcinnfear go leordhóthanach nach féidir le Ballstát go hoibiachtúil an tríú hiarrthóir incháilithe a aimsiú laistigh d'am réasúnta, d'ainneoin go ndearnadh gach iarracht is gá leis an tríú hiarrthóir a aimsiú, agus i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla a bhaineann leis an mBallstát sin, féadfaidh an painéal roghnúcháin a thuairim réasúnaithe a chur chuig an gComhairle maidir le beirt iarrthóirí incháilithe, agus beirt iarrthóirí amháin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann agus forais leordhóthanacha a thabhairt."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*